

gníomhú mar a tuigtear dóibh is gá chun leanaí a chosaint.

4. Sa bhliain 2018, tháinig dlí i bhfeidhm i nÉirinn a fhágann gur éigean do dhaoine a bhíonn ag oibriú le leanaí tuairisc a dhéanamh le húdaráis an stáit ar gach líomhaint maidir le mí-úsáid leanaí.

Iniúcháireacht ar Chúntaisí na Cosantóireachta so Againn-ne

1. Sa bhliain 2013, do dhein baill fóirne ó Oifig Náisiúnta Chosantóireacht na Leanáí iniúchadh ar chomhadanna na Deoise sa chosantóireacht.
2. Foilsíodh an tuairisc ar-líne, agus tá sé ar fáil go poiblí ar shuíomh an NBSCCCI.
3. Sa bhliain 2010, do dhein Roinn an Obair Shóisialta de chuid Feidhmeannacht Sheirbhís na Sláinte iniúchadh ar chúntaisí na Deoise chomh maith, agus measadh go rabhadar go léir i n-órd ceart. Bíonn an Deoise ag comhoibriú le húdaráis an Stáit, agus roinneann sé a chuid eolais leis na húdaráis chun leanaí a chosaint.

Mí-úsáid na Leanáí ina Rún Docht Dorcha

Laistigh den nDeoise, deirimid gach aon rud is féidir linn chun tacaíocht a thabhairt don té a dhéanfadh líomhaintí, chun cabhrú leo deighleáil leis an ngortú a bhíonn orthu agus leanúint orthu lena saol féin i slí dhearfach. Na daoine go léir a dhein tuairisc ar mhí-úsáid sa Deoise, is daoine fásta iad go mbaineadh mí-úsáid astu agus iad ina leanaí. Faraoid, is ró-mhínic a dheineann rún docht dorcha de mhí-úsáid leanaí, agus nach féidir le daoine labhairt mar gheall air go ceann blianta fada; tá daoine ann fiú a thugann an scéal 'on chré leo.

An féidir linn cabhrú leat-sa?

Ón mbliain 2012 i leith, tá tuataigh fostaithe ag mórán Deoiseanna agus Óird Rialta chun líomhaintí mí-úsáide a láimhseáil thar a gceann. Má theastaíonn uait labhairt linn-ne i nDeoise Chiarraí mar gheall ar mhí-úsáid, san am atá imithe nó san am atá ann fé láthair, tair i dteangmháil linn. An ról atá againn-ne ná féachaint chuige go dtabharfaí fíor-thacaíocht dóibh siúd a dheineann tuairisc ar líomhaintí mí-úsáide, agus féachaint chuige go ndéantar tuairisc mar is cóir ar a gcuid líomhaintí leis na húdaráis. Cuir glaoch orm, más é do thoil é, ar 087 6362780. Ní call fanacht i do thost ag fulaingt.

Jim Sheehy, DLP

Domhnach na Cosantóireachta

Deoise Chiarraí

Dé Domhnaigh 14 Deireadh Fómhair 2018



Teachtaireacht ó Easpag Chiarraí agus ó Chathaoirleach Choiste Cosantóireachta na Deoise

Cuirimid failte roimis an dtionscnamh so go mbeadh Domhnach na Cosantóireachta gach bliain sa Deoise againn. Gach bliain, cuirfidh sé i gcúimhne dhúinn gurb é bunchloch na cosantóireachta é tuiscint mhaith a bheith ag an bpobal ar an mbaol a fhéadfadh a bheith ar leanaí, agus an tábhacht a bhaineann leis an ndea-chleachtas ar fuaid na Deoise.

Ar Dhomhnach na Cosantóireachta i mbliana, beidh deis againn cuimhneamh orthu súd go léir atá ag obair go deonach ar an gcúis seo sa Deoise, ag leibhéal an pharóiste nó ag leibhéal na deoise, le breis is fiche bliana anuas, agus deis chun buíochas a ghabháil leo. Gabhaimid buíochas speisialta leo súd atá i gcónaí ag tabhairt seirbhíse uathu.

I rith na seachtaine gur thug an Pápa Proinsias cuairt ar Éirinn, do scrígh sé litir chun Phobal Dé, go dtí an Eaglais go léir ar fuaid an domhain. Tá dhá abairt sa litir sin a mheabhraíonn dúinn an tábhacht a bhaineann leis an gCosantóireacht: *“I n-ainneoin is gur féidir a rá go mbaineann formhór na gcásanna so leis an am atá imithe, mar sin féin, le himeacht ama, tá tuiscint tagtha chughainn ar phianta chuid mhaith de na daoine a fhulaing. Tá an tuiscint tagtha chughainn gur cneánna iad so ná himíonn ar neamh-ní, agus nár mhór dúinn na hainghníomhartha so a dhaoradh go fórsúil.”*

An tEaspag Réamonn de Brún, Rosarii O Connor

An Chosantóireacht i nDeoise Chiarraí

Bíonn Deoise Chiarraí ag obair i bpáirtnéireacht le húdaráis an stáit, agus le Bórd Náisiúnta Chosantóireacht na Leanáí ag an Eaglais Chaitliceach i nÉirinn (an NBSCCCI).

- 1996 Bunaíodh Coiste Cosantóireachta Dheoise Chiarraí
- 2006 Bunaíodh Bórd Náisiúnta Chosantóireacht na Leanáí
- 2016 D'fhoilsigh an Bórd Náisiúnta polasaí leasaithe maidir le Cosantóireacht na Leanáí
- 2016 Do ghlac an tEaspag Réamonn de Brún leis an bpolasaí thar cheann na Deoise

Struchtúr na Cosantóireachta so Againn-ne

Coiste Cosantóireachta na Deoise

Comh-órdaitheoir Cosantóireachta na Deoise

Ag obair chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt don ndea-chleachtas sa chosantóireacht

Teangmhálaí Ainmnithe (DLP)


Bíonn an duine seo ar fáil chun éisteacht le haon ábhar inní i gcúrsaí cosantóireachta

Ionadaithe na Cosantóireachta sna Paróistí

140 Ionadaí ag cabhrú le Sagairt na bParóistí sa 53 paróiste atá sa Deoise

Cá bhFaighfí a Thuilleadh Eolais

www.dioceseofkerry.ie/safeguarding/



1. Tá Lámhleabhar na Cosantóireachta ar fáil ins gach sáipéal agus i n-oifig gach paróiste
2. Is úirlis phraiticiúil é an Lámhleabhar so, chun cabhrú le gnáth-ghnéithe laethúla na cosantóireachta
3. Tá an Lámhleabhar féin, agus na foirmeacha go léir a luaitear ann, ar fáil ar shuíomh na deoise:

Príomh-athraithe don mBliain 2018

1. De bharr an Achta, “na Leanaí sa Chéad Áit” (“Children First Act”), tá dualgas reachtúil ar na Sagairt agus ar na Deochain tuairisc a dhéanamh le TUSLA, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ar aon ábhar inní maidir le cosaint na leanaí.
2. Mar fhreagra ar na hathraithe seo, tá an Deoise tar éis na Sagairt agus na Deochain a chur ar an eolas ag cruinnithe, le ráitisí eolais, agus le Litr Nuachta na Cosantóireachta.
3. Cuirfear am substaintiúil ar leataoibh i gcónaí do na forbairtí seo sa Chlár Traenála atá againn fén gCosantóireacht.



Aithbhreithniú ar ár gCleachtaisí Féin

1. Deineann Ionadaithe na Cosantóireachta sna Paróistí, mar aon le Sagairt na bParóistí, tuairisc ar a gcleachtaisí cosantóireachta gach bliain i bhfoirm iniúchóireachta.
2. Gach bliain, deineann Comh-órdaitheoir na Cosantóireachta aithbhreithniú ar na tuairiscí hiniúchóireachta, agus i bplean na cosantóireachta don mbliain dár gcionn, díritear ar na réimsí mar go bhfuil gá le gníomhú.

Traenáil sa Chosantóireacht

1. Le bliain anuas, tá 182 Sagart, ball foirne, agus oibrí deonach tar éis freastal ar an traenáil.
2. Cuireadh an traenáil ar fáil ag 7 n-ionad ar fuaid na Deoise.
3. Tá na páirtithe tar éis a chur i n-iúil go rabhadar sásta go maith le ábhar agus le oiriúnacht an chláir.
4. Leasaítear an traenáil go rialta, bunaithe ar aiseolas áitiúil agus ar riachtanaisí náisiúnta.
5. Tá creidiúnú ag Clár Traenála na Deoise sa Chosantóireacht ó Bhórd Náisiúnta Chosantóireacht na Leanaí.

An Fhulaingt a leanann Mí-úsáid Leanaí

Faraoid, is cuid uaigneach brónach de stair na hEaglaise é mí-úsáid a bheith á bhaint ag sagairt as leanaí. Ní ceart dúinn go deo dearúd a dhéanamh ar an ngortú agus ar an ndíobháil a gearradh ar dhaoine go mbaineadh mí-úsáid astu is iad ina leanaí, ná ar an dtionchar ollmhór a bhí aige sin ar a saol. Aithníonn Deoise Chiarraí an léirscrios a dheineann an mhí-úsáid ar an nduine, agus is go lán-dáiríribh a ghlacann sé lena ról timpeallacht sábháilte a chur ar bun laistigh don Eaglais do leanaí agus do dhaoine fásta a bheadh leochaileach.

Comhoibriú le hÚdaráis an Stáit

1. Nuair a leagtar béim sna meáin ar chásanna mí-úsáide a dhein sagairt, mar a deineadh le linn chuairt an Phápa Proinsias, dob fhuirist a thuiscint dá dtuigfí do dhuine go bhfuil an Eaglais fós ag tabhairt cosaint do lucht déanta na gcoir, agus ná fuil sé ag comhoibriú le dlí na tíre.
2. Tá cleachtas na tuairisceoireachta sa Deoise go hana-shoiléir: deintear tuairisc leis na Gardaí agus le TUSLA, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ar gach líomhaint maidir le mí-úsáid leanaí. Tá sé seo amhlaidh ón mbliain 1995, nuair a ceapadh Liam Ó Murchú ina easpag.
3. Is ar na Gardaí agus ar TUSLA atá an fhreagracht fiosrúcháin a dhéanamh agus